Chuig: Gach bunscoil aitheanta

25 Meitheamh 2020

Treoir ar sholáthar samhraidh

A Phríomhoide, a chara,

Ar 23 Meitheamh, d'eisigh an Roinn teimpléad "Plean Freagartha Covid-19 Scoile" do scoileanna chun tacú le lucht bainistíochta agus baill foirne cláir shamhraidh a sholáthar do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus dóibh sin atá faoi mhíbhuntáiste oideachais de réir mar a fheidhmímid ar aon dul le comhairle ar shláinte phoiblí chun cosc a chur ar leathadh COVID-19.

Meabhraítear do scoileanna gur chóir do gach scoil an Plean Freagartha Covid-19 Scoile (a chuir an Roinn ar fáil ar 23 Meitheamh) a chomhlánú sula n-osclóidh an scoil le haghaidh soláthar samhraidh.

Tá an teimpléad plean seo nuashonraithe anois ar aon dul le sláinte phoiblí agus tá an leagan nuashonraithe iniata anseo in Aguisín 1. Tá sé nuashonraithe le heolas a bhaineann le sláinteachas lámh, scaradh sóisialta, úsáid PPE agus teimpléad measúnaithe riosca. Ba chóir an plean a chur ar fáil do bhaill foirne a bheidh i mbun an chláir le cois tuismitheoirí agus daltaí rannpháirteacha. Is le haghaidh baill foirne a bhfuil baint acu leis an gclár samhraidh atá an fhoirm filleadh ar an obair.

Chun a thuilleadh tacaíochta a thabhairt d'eagrú soláthar samhraidh tá an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

Comharthaíocht
Tá iallach ar scoileanna comharthaíocht a thaispeáint a leagann amach comharthaí agus siomptóim COVID-19 agus a thacaíonn le sláinteachas maith lámh agus riospráide. Tá nasc thíos chuig an rannán sainiúil de shuíomh gréasáin an Ionaid Faireachais um Chosaint Sláinte (HPSC) mar a bhfuil roinnt póstaer, lena n-áirítear iad sin a fheileann do dhaltaí bunscoile. Tá leaganacha Gaeilge ar fáil anseo fosta.
https://www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/posters/
Ba chóir do scoileanna na póstaeir a íoslódáil agus a chur ar taispeáint in áiteanna feiceálacha amhail oifigí, dorchlaí, seomraí foirne, seomraí ranga agus leithris.

Foirgnimh Scoile
Roimh athoscailt, meabhraítear do scoileanna na nithe seo a leanas a sheiceáil:

- An gá an córas uisce a shruthlú ag asraonta i ndiaidh tearcúsáide chun cosc a chur ar ghalar Legionella;
- Ar seiceáladh trealamh agus meicníocht aerála na scoile i leith meatha agus damáiste roimh athúsáid;
- Ar tosaíodh athuair ar bhailiú bruscair agus seirbhísí riachtanacha eile.

Aithníonn an Roinn go mbeidh costais bhreise ghlantacháin mar thoradh ar shocruithe a dhéanamh chun limistéir éagsúla a ghlanadh níos rialta agus níos doimhne ar aon dul le Plean Freagartha Soláthar Samhraidh COVID-19. Ba chóir do scoileanna na socruithe cuí a dhéanamh le haghaidh glantachán breise agus cuirfidh an Roinn maoiniú ar fáil i gcomhair na gcostas seo, le cois PPE agus díghalrán a fhoinsiú go háitiúil mar chuid de shocruithe athbhreithnithe maoinithe. Cuirfear iad seo ar fáil do gach scoil san fhómhar.

Oiliúint
Tá an Roinn ag obair i dtreo clár oiliúna ionduchtúcháin ar líne a chur ar fail do bhaill foirne ag filleadh ar scoileanna i bhfómhar 2020. Idir an dá linn, tá oiliúint ionduchtúcháin ar fáil do Sholáthar Samhraidh mar chur i láthair in Aguisín 2. Tá sé ar fáil fosta mar sheimineár gréasáin ag an nasc seo a leanas
https://www.education.ie/en/Parents/Services/summerprovision/summer-education-programme-2020.html#SchoolBased

Soláthar sa bhaile
Is mian leis an Roinn a shoiléiriú, más mian le bord bainistíochta/BOO scoile áitreabh na scoile a chur ar fáil do theagascóir amháin nó níos mó i gcomhair Clár Samhraidh sa bhaile, go bhfuil sé sin ceadaithe. Cuimsíodh i gcinneadh 5ú Meitheamh an Rialtais, ar aon dul le comhairle ar shláinte phoiblí, go bhféadtar foirgnimh scoile a athoscailt ar bhonn céimneach ó Chéim 2 de Phlean an Rialtais chun Gnó agus an tSochaí a athoscailt. Tháinig sé seo de bharr chomhairle NPHET go gceadófar leis seo tabhairt chun cinn cláir agus tionscnaimh shainiúla a bhaineann le páistí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá treoir chun tacú le Soláthar Samhraidh sa bhaile iniata in ***Aguisín 3***.

Déanfar gach doiciméad agus foirm a nuashonrú, de réir mar is cuí, ar aon dul le comhairle ar shláinte, nuair a athosclófar scoileanna i Meán Fómhair.

Is mór againn do chomhoibriú leis na socruithe Soláthar Samhraidh.

Is mise le meas

Dalton Tattan
Rúnaí Cúnta